## SULT an tSamhraidh

Cuirfear céad míle fáilte roimh chách chuig SULT, oíche shóisialta trí Ghaeilge ar an Déardaoin, 30 Meitheamh i dTeach Dolmain, Ceatharlach. Tagann daoine le chéile ar an Déardaoin deireannach de gach mí ag 9.00i.n. chun taitneamh a bhaint as caint, comhrá agus comhluadar trí Ghaeilge agus cuirtear fíorchaoin fáilte roimh dhaoine nua i gcónaí.

Bailíonn SULT le chéile ag an mbord Gaeilge díreach taobh istigh den doras tosaigh i dTeach Dolmain. Fáilte faoi leith rompu siúd atá ag freastal ar ranganna Gaeilge agus tabharfar deis dóibh an Ghaeilge a chleachtadh.

Is í seo an SULT deireannach roimh bhriseadh an tsamhraidh agus mar is gnáthach beidh an seisiún traidisiúna ina dhiaidh thuas staighre sa Teach Dolmain. Bí ann agus fáilte!

**Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:**
**Glór Cheatharlach**
**Sráid an Choláiste, Ceatharlach**
**(059) 9158105 / (085) 1340047**
**eolas@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie**
**Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!**

# Glór Cheatharlach

## APP Nua Raidió Rí-Rá

Anois go bhfuil nuashonrú déanta ar fheidhmchlár Raidió Rí-Rá ag www.rrr.ie/iphone/ tá an cairtstáisiún Gaeilge ag iarraidh leagan nua an app a chur go barr chairteacha iTunes!

Tá na mílte daoine tar éis feidhmhchlár Raidió Rí-Rá don iPhone a íoschóipeáil in aisce ó iTunes ó seoladh é ag tús 2010, agus is féidir le héisteoirí cluas a chur leis an gcairtstáisiún Gaeilge tríd an iPhone atá acu ag am ar bith de ló ‘s d’oíche, tríd an bhliain ar fad, leis an app nuashonraithe anois.

Dúirt Traic Ó Braonáin, Cathaoirleach Raidió Rí-Rá:

“Bhí agus tá an-tóir go deo ar app Raidió Rí-Rá chun scoth an cheoil ó na cairteacha a chloisteáil, á chur i láthair trí Ghaeilge 24/7. Anois is féidir le héisteoirí amharc ar shuíomh Raidió Rí-Rá ag www.rrr.ie, cairdeas a dhéanamh linn ar Facebook, agus an nuacht is déanaí a fháil ó shruth RSS ar an leagan nua den app ag www.rrr.ie/iphone/ .”

Is é Raidió Rí-Rá an t-aon stáisiún a sheinneann ceol ó na cairteacha ar fad trí mheán an Gaeilge tríd an bhliain ar fad ar-líne ag www.rrr.ie, le cláracha á gcur i láthair ag an óige, don óige. Tá súil ag an cairtstáisiún go gcuirfidh an nuashonrú seo feidhmchlár Raidió Rí-Rá i mbarr 25 na gcairteacha íoslódála iTunes an tseachtain seo.

Tá Raidió Rí-Rá de shíor ag iarraidh teacht ar mhodhanna éisteachta nua ionas gur féidir le daoine éisteacht leis an gcairtstáisiún Gaeilge aon uair gur mian leo, ar nós tríd an app iPhone nua. Mar sin bí ag eisteacht.




**Scoil Naomh Bríd, Muinebheag a bhuaigh Spraoicheist 2011 le Niamh de Búrca ó Gael Linn.**




**Na buaiteoirí go léir ag Spraoicheist 2011 agus nach iad atá an-sásta leo féin.**




**Cllr John Murphy pictured with some of the participants at the start of the fun cycle to the Teddy Bears Picnic in James Morris GAA Park recently**



**Nonagenarians Hannah Nolan, Bendenstown and Betty Nolan, Rathrush being shown around Farmleigh House by committee members John Blanche and Anne Connors during the Ballon/Rathoe Senior Citizens outing**



**Nuala Fitzsimons and Anne Murphy pictured on the Ballon/Rathoe senior citizens outing to Dublin and Newbridge**

# Spraoicheist Gael Linn i gCeatharlach

B’iontach an ocáid Ghaelach a reachtáileadh le déanaí mar chuid d’imeachtaí na hÉigse i gCeatharlach do dhaltaí ins na hardranganna i mbunscoileanna an cheantair.

Spraoicheist na hÉigse a bhí ann, eagraithe ag Gael Linn i gcomhar le Glór Cheatharlach, agus d’éirigh go hiontach leis an ócáid. Ghlach seacht bhfoireann is tríocha páirt sa Spraoicheist. Dob é an slua ba mhó riamh agus líonadar halla spóirt na Gaelscoile.Thángadar ag siúl, i gcarranna agus i mbusanna ó aon scoil déag. Bhíodar ann ó Ghleann Uisean, Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc, Scoil an Easboig Uí Fhoghlú, Beann na gCaorach, Tigh an Raoireann, Baile na mBreathnach, Scoil Chailíní an Teaghlaigh Naofa, Scoil Naomh Bríd Muinebheag, Gaelscoil Átha Í, Scoil Naomh Fiacc agud Díseart Diarmada.

Bhí éagsúlacht an-mhaith de cheisteanna le freagairt bunaithe ar spórt agus ceol, scannáin agus cláracha teilifíse, leabhair agus eolas ginearálta. Dob í Niamh de Búrca thar cheann Gael Linn a bhí ag cur na gceisteanna agus bhí muintir Ghlór Cheatharlach i mbun marcála. Bhí na daltaí uile thar a bheith tógtha leis an mbabhta éisteachta agus le babhta na bpictiúr ach go háirithe. Bhain cuid de na foirne scóranna an-ard amach. Tháinig Tigh an Raoireann agus Gaelscoil Cheatharlach ar chomhscór sa tríú háit le Scoil an Easboig Uí Fhoghlú sa dara háit. Ach le scór dochreidte de naoi marc is caoga as seasca fógraíodh na buachaillí ó Scoil Naomh Bríd, Muinebheag mar bhuaiteoirí Spraoicheist 2011. Bronnadh duaiseanna agus plaiceanna Gael Linn ar bhaill na bhfoirne a bhuaigh .

Chun clabhsúr a chur leis an ócáid chuir na daltaí ó Ghaelscoil Átha Í, Scoil an Teaghlaigh Naofa, Gleann Uisean agus Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc taispeántas ceoil i láthair. Ghabh Niamh de Búrca buíochas leis na daltaí, leis na múinteoirí agus le bainistíocht na Gaelscoile as a dtacaíocht do Spraoicheist Gael Linn atá anois mar cheann de phríomh imeachtaí na mbunscoileanna ar chlár Fhéile na hÉigse i gCeatharlach.

| Glossary: | Gluais: |
|---|---|
| Ocáid | Occasion |
| Tríocha | Thirty |
| I láthair | Present |
| Éagsúlacht | Variety |
| Eolas Ginearálta | General Knowledge |
| Scóranna | Scores |
| Clabhsúr | Finale |
| Taispeántas | Exhibition |
| Bainistíocht | Management |



**Ghlac 37 bhfoireann páirt i Spraoicheist Gael Linn i gCeatharlach.**